

Travelling Towards
Sustainability



daa Nuashonrú Inbhuanaitheachta



**Feabhas a chur ar
Éifeachtúlacht
Acmhainní**

Tá ídiú fuinnimh Aerfort

Bhaile Átha Cliath

laghdaithe
síos faoi

9%

ó osclaíodh Chríochfort 2 i 2010

Tá ídiú fuinnimh Aerfort

Chorcaí

laghdaithe
síos faoi

35%

ó bhí 2009 ann

Réamhrá

Fáilte go Nuashonrú Inbhuanaitheachta daa 2015.

Tá daa luite ar a bheith ina oibreoir agus ina mhiondíoltóir freagrach agus a bheith ina chomharsa mhaith sna pobail ina mbímid ag feidhmiú.

Is suntasach an méid a chuireann ár n-aerfoirt leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta araon. Cuireann siad seirbhís riachtanach ar fáil a nascann Éire leis an domhan agus cuireann ar chumas na tíre an tráchtáil agus an turasóireacht a fhás agus a fhorbairt.

Ag an dá aerfort atá faoina chúram, tá ionchur dearfach ag daa inár bpobail agus inár gceantair áitiúla. Tacaíonn daa le scoileanna agus cumainn spóirt áitiúla agus le gníomhaíochtaí ealaíne agus bíonn ár bhfoireann de shíor ag tiomsú airgid do chlár Charthanais na Bliana daa.

Glacaimid ár bhfreagrachtaí comhshaoil go han-dáiríre. Tá an Grúpa ag leanúint dá lorg coise carbóin díreach a laghdú trí ídiú fuinnimh a laghdú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort Chorcaí. Is rannpháirtithe gníomhacha iad an dá aerfort sa Chlár Creidiúnaithe Carbón d'Aerfoirt agus tá aitheantas foirmiúil gnóthaithe acu beirt as ar éirigh leo a dhéanamh le hastuithe carbóin a laghdú.

I rith na bliana, bhuaigh Aerfort Chorcaí Gradam Fuinnimh Inbhuanaithe as a fheabhas a d'éirigh leis astuithe carbóin a laghdú le blianta beaga anuas. Tá ídiú fuinnimh Aerfort Chorcaí laghdaithe aige faoi 35% ó bhí 2009 ann.

Ó osclaíodh Críochfort 2 in 2010, tá a ídiú fuinnimh laghdaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi 9%. Tá comhaontú nuálach comhoibríoch déanta ag an nGrúpa leis an BSL agus tá siad dírithe ar laghdú 33% ina ídiú fuinnimh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi 2020. Is é an aidhm coimpléasc idirnáisiúnta eiseamláireach aerfoirt, ó thaobh fuinnimh de, a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath agus tá an dá chomhlacht ag fiosrú teicneolaíochtaí carbón íseal le feidhmíocht fhoriomlán fuinnimh a fheabhsú ag an aerfort.

Trí thuilleadh forbairtí ag na haerfoirt, tabharfar isteach prionsabail an deartha inbhuanaithe a chuirfidh ar fáil saoráidí den cháilíocht is airde a fhreastalaíonn ar riachtanais an aerfoirt agus an phobail i gcoitinne agus, san am céanna, a chaomhnaíonn an timpeallacht.



Kevin Toland
Príomh-Fheidhmeannach

Clár ábhair

Ionchur Eacnamaíochta	7	Sóisialta	8	An Láthair Oibre	10
		Pobal	8	Rannpháirtíocht & Teagmháil Fostaithe	10
		Carthanacht na Bliana	9	Forbairt Fostaithe	10
				Ilchineálacht	11
				Folláine	11
				Sláinte & Sábháilteacht	11
Eispéireas Paisinéirí	12	Comhshaol	16		
Scéil Paisinéirí	13	Bainistíocht Fuinnimh	16		
		Teastasú Carbóin	16		
		Bainistíocht agus Caomhnú Uisce	16		
		Bainistíocht Laghdú agus			
		Athchúrsáil Fuíollábhair	18		
		Dearadh agus Tógáil	20		
		Iompar Dromchla	21		
		Monatóireacht Torann			
		Ruthag Eitilte Aerárthaigh	23		
		Caighdeán an Aeir	23		
		Scéim na Gaeilge	23		

Polasaí Inbhuanaitheachta

Tá an Grúpa tiomanta do bheith ina oibreoir aerfoirtr freagrach trína thionchar ar an gcomhshaol agus ar a chomharsana is gaire a laghdú a mhéad is féidir, agus trí thacú le fás geilleagrach agus trí rannchuidiú ar bhealach dearfach leis an tsochaí ina bhfuilimid ag feidhmiú.

**Is é a dhéanfaidh daa in aerfoirt
Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí:**

- Cur le borradh eacnamaíochta na hÉireann trí na haerfoirt a fhorbairt;
- Timpeallacht agus áiseanna sábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe agus do chuairoteoirí;
- Ionchur dearfach a bheith againn sa phobal ina mbíimid ag feidhmiú;
- Ídiú fuinnimh agus astuithe carbóin a laghdú;
- Caomhnú uisce a mhéadú;
- Fuíollábhar a íoslaghdú agus a oiread fuíollábhair agus is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil;
- Úsáid táirgí agus seirbhísí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus don tsochaí a mhéadú;
- Cleachtais inbhuanaithe i measc gach úsáideoir aerfoirt agus sa phobal i gcoitinne a chur in iúl agus chun cinn;
- Pleanáil, dearadh, soláthar agus foirgníocht inbhuanaithe a bheith mar chuid dhílis de thionscadail;
- An truailliú a chosc, reachtaíocht bhainteach timpeallachta a chomhlíonadh agus dea-chleachtas bainistíocht timpeallachta a chur chun cinn;
- An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpolasaithe, gnáthaimh agus comhaontuithe bainteacha;



 = 1,000

Ionchur Eacnamaíochta

Is comhlacht bainistíochta faoi úinéireacht stát na hÉireann é daa, a fhostaíonn breis agus 2,500 ball foirne agus a raibh láimhdeachas grúpa €564m aige in 2014. Díríonn oibríochtaí an chomhlachta in Éirinn ar bhainistíocht agus forbairt aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. ARI (Aer Rianta International) a théann i gceann infheistíochtaí eachtracha in aerfoirt agus i miondíol aerfoirt.

Tá ról rithabhachtach ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí i dtéarmaí freastal ar riachtanais turasoíreachta agus ghnó. Anuraidh, d'úsáid breis agus 23 milliún paisinéir aerfort Bhaile Átha Cliath nó Chorcaí. Is ionann é sin agus 90% de na daoine a thaistil d'eitleán chuig Poblacht na hÉireann

nó uaithi. De na paisinéirí ar fad a thóg eitiltí idirnáisiúnta chuig oileán na hÉireann nó uaidh in 2014, d'úsáid thart ar 70% acu aerfoirt Bhaile Átha Cliath nó Chorcaí.

Mhéadaigh an líon paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi 8% anuraidh go dtí 21.7 milliún. Anuraidh an ceathrú bliain fás i ndiaidh a chéile ag an aerfort. Bhí 53 aerlíne san iomlán ag feidhmiú slite chuig 179 ceann scríbe ó Bhaile Átha Cliath anuraidh agus is ar eitiltí sceidealta a thaistil 98% de phaisinéirí. Bhí 29 aerlíne san iomlán ag feidhmiú slite chuig 161 ceann scríbe ó Bhaile Átha Cliath.

Bhí beagán os cionn 2.1 milliún paisinéir ag Aerfort Chorcaí anuraidh, laghdú 5% ón 12 mhí roimhe. Bhí 16 aerlíne san iomlán

ag eitilt chuig 46 ceann scríbe ó Chorcaigh, agus bhí cúig aerlíne sceidealta ag eitilt chuig 40 ceann scríbe sceidealta.

Freastalaíonn na haerfoirt ar limistéir láidre, beoga-príomhchathair agus dara cathair Phoblacht na hÉireann agus cúlchríocha is leithne – agus tá siad ag croí bhorradh an gheilleagair dá réigiúin féin agus don tír ar fad. Is in Aerfort Bhaile Átha Cliath atá beagnach an cúigiú cuid d'fhostaíocht iomlán Fhine Gall lonnaithe agus tá 120 fiontar ag feidhmiú in earnálacha amhail eitlíocht, lóistíocht, lónadóireacht agus óstáin. Is ríshuntasach ionchur geilleagair na n-aerfort maidir leis na réigiúin agus le hÉirinn ar aon.

Léiríodh i staidéir tionchar eacnamaíoch a comhlánaíodh le déanaí d'aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí a shuntasáí atá sochair gheilleagair na n-aerfort. Léiríodh sna staidéir seo:

- **Tacaíonn an dá aerfort le nó éascaíonn siad breis agus 108,000 post.**
- **Tá 17,600 duine fostaithe go díreach ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.**
- **Cuireann an dá aerfort €7.6 billiún le hOlltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann**
- **Is beag aerfort san Eoraip a bhfuil nasc acu atá chomh maith le nasc Bhaile Átha Cliath leis an mBreatain agus le SAM.**

Is follas tábhacht luach eacnamaíoch aerfoirt daa agus soláthrófar sochair fheabhsaithe gheilleagair trí fhorbairt leanúnach an dá aerfort.

Ag daa, is eol dúinn freagracht a bheith orainn i dtaca lenár gcomharsana de chomh maith le pobail eile máguaird agus an timpeallacht agus go gcaithfear borradh eacnamaíoch a sholáthar in éineacht le bainistíocht timpeallachta gan locht agus feidhmiú éifeachtach caidreamh pobail.

Sóisialta

íomhá thíos:
Páistí ag glacadh páirte i gClár léitheoireachta Battle of the Book a d'eagraigh Leabharlanna Fhine Gall

Pobal

Tá ár gcuid aerfort fréamhaithe go domhain sna pobail mórtimpeall agus go leor dár mbaill foirne ina gcónaí ar na gaobhair. Ní ábhar ar bith iontais é, mar sin de, gur saoránach an-ghníomhach corparáideach é daa. Cuirimid chun cinn forbairt dhearfach san oideachas, litearthacht, spóirt agus sna healaíona inár bpobal áitiúil. Is cuid de chultúr ár gcomhlachta é i gcónaí bheith ag obair sa phobal, rud a dhaingníonn ár gcuid nasc leis an bpobal.

Is é ár n-aidhm daoine óga a spreagadh agus a ullmhú le go bhfanfaidh siad ar scoil, a gcuid oideachais a chur i gcrích agus teacht ar thuiscint agus spéis níos fearr ar shaol an ghnó agus na heitlíochta. Tá ár gclár oideachais deartha le go rachaidh sé i bhfeidhm ar shaol daoine óga sna scoileanna lena mbímid ag comhoibriú trínár gcomhpháirtíochtaí le Junior Achievement, Business in the Community (BITC) Schools Partnership and Autism Awareness.

Tacaíonn foireann aerfort Bhaile Átha Cliath le Clár BITC Skills@Work a thugann léargas do dhaltáí ar shaol na hoibre. Thar roinnt seisiún, tugtar cúnaimh do dhaltáí foghlaim faoin gcomhlacht páirtíochta agus a ghnó agus machnamh ar na roghanna gairme agus staidéar breise atá ar fáil dóibh ar fhágáil na scoile dóibh. Áirítear leis na seisiúin: cuairteanna ar shuíomhanna, cainteanna 'Lá amháin i Saol', ullmhúchán CV agus agallaimh, agallaimh bhréige, forléargas ar an gcomhlacht, seisiúin acoimre agus i roinnt cásanna seisiún roghnach amhail, cúram do chustaiméirí, obair foirne nó béasaíocht ghnó.

Anuraidh, trínár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement theagasc baill foirne dár gcuid, ar bhonn deonach, cláir do bhreis agus 200 páiste i seacht scoil i bhFine

Gall. Chuir daa, ar chomhlánú an chláir dóibh, fáilte roimh na daltaí uile go dtí an t-aerfort mar ar fhoghlaim siad faoi na ról agus na poist éagsúla chomh maith le gné oibríochtúil ár ngnó.

Mar chuid dár bpáirtíocht le BITC, táimid nasctha le Coláiste Pobail Naomh Finín i Sord lena gClár Skills@Work a sholáthar. Bíonn deis ag ár bhfostaithe a n-eispéiris saoil, staidéir agus oibre a roinnt le daltaí na sraithe sinsearaí. Bíonn deis acu freisin a scileanna cur i láthair agus cumarsáide a fhorbairt, le cois éagsúlacht a chur leis an lá oibre.

Táimid ag obair i ndlúthpháirt le Leabharlanna Fhine Gall le tacú le tionscnamh mór léitheoireachta do dhaltáí scoile an cheantair Tá an clár á chur i bhfeidhm mar fhreagra díreach ar na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Náisiúnta Litearthachta 2011 ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar an tagairt atá acu don tábhacht atá le páirtithe leasmhara an oideachais naisc a chothú chun scileanna litearthachta daoine óga a fheabhsú.

Chomh maith leis sin eagraímid tráthnónta oideachais do dhaoine a bhíonn ag taisteal le páistí a bhfuil uathachas orthu le cabhrú leo a n-eispéireas taistil a dhéanamh níos éasca.



íomhá thíos:
Seoladh na daa Carthanachta
na Bliana 2014

Carthanacht na Bliana

Thacaigh daa le 50 nasc pobail le linn 2014 agus thacaigh baill foirne le Fioibróis Chisteach Éireann, Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann agus Jack and Jill trí Charthanacht na Bliana agus tiomsaíodh €210,000.

De thoradh a n-iarrachtaí tiomsú airgid le linn 2014, tá breis agus €1.5 milliún bronnata ag foireann daa ar 12 charthanacht Éireannacha le naoi mbliana anuas.

Tríd an gclár seo, bhí deis ag foireann daa eagrais a ainmniú agus vótáil ar son Charthanacht na Bliana daa ar bhonn bliantúil. Ó 2013, d'athraigh daa ó thacú le carthanacht amháin go dtí tacú le trí cinn. Maidir le 2015, tá a Charthanacht na Bliana féin ainmnithe ag Aerfort Chorcaí den chéad uair. Is iad Carthanachtaí an Bliana 2015 ag Baile Átha Cliath – Cumann Ghalar Parkinson Éireann, Sráid an Teampaill Street agus an tAonad Diaibéitis in Ospidéal Mhuire, Cromghlinn. Is é Ciste na Leanaí, Ospidéal Chathair Chorcaí Carthanacht na Bliana Chorcaí.

Ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí is faoi na Coistí Carthanachta atá sé dul i dteagmháil leis na Carthanachtaí buacacha chun imeachtaí bailithe airgid a eagrú leis an bhfoireann agus na hacmhainní atá ar fáil.

I gcaitheamh na bliana, cuireann an coiste torthaí a gcuid iarrachtaí airgead a bhailiú in iúl don fhoireann agus is iad atá i mbun Chláir Carthanacht na Bliana ag aerfoirt daa.



Cás-Staidéar: Difference Days

Is eagrais é Difference Days a éascaíonn imeachtaí Freagracht Shóisialta Chorparáideach do chomhlachtaí. Is é atá i gceist leis na himeachtaí seo, baill foirne bheith páirteach, ar bhonn deonach, i dtionscadal teagmhálach carthanachta.

- **I mí Iúil 2014, dheisigh foireann ó Chúram Acmhainní Aerfort Bhaile Átha Cliath gairdíní Ionad Chúram Lae Camora..**
- **I nDeireadh Fómhair rinne foireann ó rannóg Bainistíocht agus Forbairt Acmhainní (amd) daa dhá ghairdín a athchóiriú go deonach ag bailte Sheirbhísí Carmona i nGleann na gCaorach, Co. Átha Cliath. D'aoisigh óga a bhfuil míchumais intleachtacha acu na bailte seo. Foireann Carmona a thugann cúram dóibh. Tá dlúthbhaint acu freisin le Cumann Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann Chaith foireann daa an tráthnóna ag gearradh siar rosáin, ag tógáil sconsaí críche, ag péinteáil ballaí, ag plandáil ceapach bláthanna, ag cruthú ceapacha ardaithe agus ag tógáil limistéir suíochán.**

An Láthair Oibre

Rannpháirtíocht & Teagmháil Fostaithe

Toghann ár bhfostaithe stiúrthóirí oibríthe go díreach ar bhord daa faoin Acht Rannpháirtíocht Oibríthe (Fiontair Stáit) 1977 go 2001.

Tionóltar faisnéisithe foirne “Halla an Bhaile” ar a laghad trí huair sa bhliain. Ár bPríomhfheidhmeannach a chuireann iad seo i láthair agus tugtar deis don fhoireann uasdátuithe rialta gnó a fháil agus ceisteanna a ardú agus cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an bPríomhfheidhmeannach. Déantar suirbhé foirne gach bliain freisin, agus comhaontaítear pleananna gníomhaíochta i gcomhair feabhsúchán leanúnach, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé. Is é an cuspóir atá leis seo gur áit iontach í daa le bheith ag obair.

20%

Cóitseáil, Meantóireacht, Scáthfhoghlaim

10%

Oiliúint fhoirmiúil

Forbairt Fostaithe

D'fhonn tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach, tá fáil ag ár mbaill foirne ar thacar cuimsitheach de chlár oiliúna agus forbartha le cois cóitseála agus meantóireachta. Áirítear ar roinnt samplaí:

- Clár Croí-Scileanna arna n-oiriúnú de daa
- Cúrsa Do Lánacmhainneacht a Bhaint Amach a thacaíonn le hardghnóthaitheoirí atá faoi leibhéal bainisteora
- Clár Forbairt Bhainistíochta Luasghéaraithe dóibh siúd ag leibhéal bainisteora
- Painéal seachtrach cóitseáil ghairmiúil
- Clár inmheánach meantóireachta
- Clár Performance Matters do cheannasaithe daoine

70%

Ar an láthair


Cás-Staidéar: Teagmháil Fostaithe

Is clár teagmhála agus athraithe é an Clár Athraithe Slándála (Transforming Security Programme, TSP) ar aidhm dó a chur ar chumas baill foirne a oibríonn sealanna le hoibríochtaí slándála líne thosaigh cur le tionscnaimh feabhsúchán gnó agus a bpeirspictíocht a leathnú laistigh den tslándáil agus d'eagrais daa i gcoitinne. Cuireadh ar bun é i Márta 2014 agus tugann sé meicníocht do bhaill foirne a gcuid smaointe a chur in iúl faoi nithe ar gá iad a fheabhsú laistigh den tslándáil agus an bealach chun é a dhéanamh.

Oibríonn foireann slándála i dtimpeallacht tionscadail ar feadh seachtaine. Ailínítear na tionscadail a bhíonn i gceist le cuspóirí gnó agus cuirtear ar chumas baill foirne feabhsúcháin a thabhairt chun cinn i gcúrsaí géilliúntais, cumarsáide, folláine agus teagmháil foirne, éifeachtúlachtaí oibríochtaí agus sásamh custaiméirí.

Is iad seo a leanas cuid de ghnóthachtálacha agus torthaí an chlár go dtí seo:

- 146 rannpháirtí ó oibríochtaí scagtha in Aerfort Bhaile Átha Cliath
- 22 tionscadal de gach cineál agus gach réimse slándála bainteach leo
- 52% de na feabhsúcháin mholta curtha i bhfeidhm agus 10% eile idir lámha
- 25% de na rannpháirtithe go dtí seo a léirigh athruithe iompraíochta nó a raibh tionchar dearfach ag an gclár orthu



Ilchineálacht

Aithníonn daa an tábhacht atá le hilchineálacht sa láthair oibre mar léiríonn sí próifíl ilchineálacht Éire an lae inniu agus an phobail taistil a úsáideann a gcuid aerfort agus asraonta miandíola. Athbhreithníodh ár bPolasaí Dínite agus Cóimheasa sa Láthair oibre in 2014 agus cuireadh meicníochtaí cuimsitheacha tacaíochta ar bun. Áirítear leo oiliúint agus forbairt 20 fiosraitheoir inmheánach, 33 teagmhálaí ainmnithe agus 19 Teagascóir Dínite agus Cóimheasa atá ag leanúint de chroí-mhodúl Dínite agus Cóimheasa an Chomhlachta a chur ar fáil go céimneach do gach fostaí nua agus mar chuid de chlár oiliúna athnuachana i ngach cuid den eagrais.

Sláinte & Sábháilteacht

Mar sholáthraí seirbhísí bainistíocht aerfoirt ar chaighdeán domhanda, tá daa tiomanta d'ardchaighdeán bainistíochta sláinte & sábháilteachta. Tá struchtúir rialachas sábháilteachta curtha ar bun againn agus, ó cheann ceann na bliana, faigheann an Fochoiste Boird ar Shláinte & Sábháilteacht tuairiscí ráithiúla ar chúrsaí sláinte & sábháilteachta.

Tá Grúpa Bainistíocht Shinsearach Sláinte & Sábháilteachta ag daa freisin trína gcuirtear ar fáil don chomhlacht coiste comhairleach chun comhlíonadh reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú. Is é an ról atá aige dul i gceannas ar pholasaí Sláinte & Sábháilteachta agus cultúr maith sábháilteachta a chur i bhfeidhm ionas gur féidir cur chuige comhsheasmhach a fheidhmiú i ngach cuid den ghnólacht.

Déanann an rannóg sláinte agus sábháilteachta athbhreithniú riosca gach bliain le croí-aonaid ghnó agus is próifíl nuashonraithe riosca is toradh dó sin. Tugann sé seo an creat don chlár comhlíonadh sláinte agus sábháilteachta atá le teacht. Leagtar amach sa chlár comhlíonta sraith iniúchtaí agus cigireachtaí agus cuirtear na moltaí i gcrích.

Is é an Ráiteas Sábháilteachta an chroí-cháipéis. Rinneadh an-nuashonrú air seo in 2014 agus an t-úsáideoir deiridh tugtha san áireamh. Tá an dearadh nua leagtha amach go soiléir agus is tríd a thugtar mapa bóithre den dóigh a mbainistear sábháilteacht cheirde laistigh de daa. Bhí an t-aiseolas ó fhostaithe go handearfach. Tá an Ráiteas Sábháilteachta sínithe agus ceadaithe ag Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta.

We're here to help!

Vhi Corporate Solutions



Employee Assistance Programme (EAP) is a confidential counselling service available to you 24 hours a day, 365 days a year. It provides professional support and information on a wide range of topics.

So if there's an issue that's been bothering you, a simple phone call or email could set you on the path to a solution and ultimately help change your life for the better.

Call and see how we can help.

FREE PHONE **1800 995 956**
EMAIL eap@vhics.ie

Some of the areas we cover:

- Personal crisis**
 - Caring for relatives
 - Family friction
 - Relationship challenges
 - Unplanned pregnancy
 - Legal issues
 - Divorce or separation
 - Infertility
- Health & illness**
 - Stress
 - Nutrition
 - Smoking & drinking
 - Life stages
 - Emotional health
 - Depression
- Babies & children**
 - Pregnancy & childcare
 - Juggling work & home
 - Difficult teenagers
 - Post natal depression
- Managing money**
 - Budgeting
 - Credit cards
 - Pensions
 - Banking
- Work issues**
 - Promotion
 - Training
 - Dealing with conflict
 - Career progression
 - Maternity leave

We're here to help 24 hours a day, 365 days a year



Folláine

Cé gur thairg daa Clár Cúnamh Fostaithe riamh anall, i mí Iúil 2014, chuamar i bpáirt le VHI i gcomhair saineolais agus seirbhísí bainteacha. Dá dtiocfadh deacracht aníos ag ár bhfostaithe a bhaineann le cúrsaí oibre nó pearsanta, tá treoir, tacaíocht agus/nó comhairleoireacht rúnda 24/7-365 ar fáil dóibh.

D'éagraigh AD roinnt tionscnaimh folláine le linn 2014. Áirítear le samplaí:

- **Taispeántas sláinte trí lá a eagraíodh i gCríochfort 1 i mí Feabhra 2014 inar cuimsíodh réimse leathan de thaispeántóirí as gach réimse folláine ó iomlánaíoch go míochaine**
- **Tugadh deis d'oibrithe sealanna freastal ar chainteanna ar shláinte agus an dóigh le lag trá fuinnimh a shárú le linn a seal oibre**
- **Thug Onsite Dental a lán cuairteanna ar an aerfort agus chuir comhairliúcháin agus glanadh fiacla ar fáil d'aon bhall foirne a raibh an tseirbhís de dhíth orthu**
- **Cuireadh vacsaíní fliú agus heipitéas A agus B ar fáil saor in aisce do gach ball foirne**
- **Tá cainteanna faoi chúrsaí cothúcháin mar chuid d'ionduchtú gach ball nua foirne agus tá siad á gcur ar fáil ar bhonn céimneach i ngach cuid den ghnólacht**
- **Tá lascaíní árachas sláinte ar fáil do gach ball foirne. Tá fóirdheontais chun clárú leis na clubanna áitiúla spóirt agus aclaíochta ar fáil do gach ball foirne.**

Eispéireas Paisinéirí

Ag daa, is gnólacht muid atá dírithe ar an gcustaiméir. Bímid i gcónaí ag iarraidh freastal ar riachtanais éagsúla na mílte duine a thaistealaíonn trínár gcuid aerfort gach lá. Is í fíís daa:

Beimid inár gceannasaithe i dtionscal an aerfoirt—ag forbairt ár ngnó trí seirbhís den scoth agus luach ar airgead a chur ar fáil d'aerlínte, paisinéirí agus comhpháirtithe gnó.

Chun an sprioc seo a bhaint amach agus ár bhfíís a ghnóthú, bímid ag síorbhailiú sonraí agus ag monatóiriú aiseolais ónár gcustaiméirí. Déanaimid é seo trí thaighde margaidh, aonaid cnaipí aiseolais ar fud na gcríochfort agus tuairimí agus aiseolas a mhonatóiriú a fhaightear ar dhóigheanna

éagsúla: r-phost, litir, teileafón, foirmeacha ar líne agus na meáin shóisialta.

Déanann an Coimisiún um Rialúcháin Eitlíochta (Commission for Aviation Regulation, CAR) monatóireacht orainn freisin maidir le roinnt tomhais cáilíocht seirbhíse Is iad seo:

- **Cúirtéis/cuidiúlacht foireann slándála**
- **Éascaíocht eolas na slí tríd an aerfort**
- **Scáileáin eolas eitiltí**
- **Cúirtéis/cuidiúlacht foireann aerfoirt**
- **Rochtain idirlín/Wifi**
- **Glaineacht na leithreas**
- **Compord limistéir feithimh/geataí**
- **Glaineacht críochfort aerfoirt**
- **Mothú slán sábháilte**
- **Sásamh foriomlán**

D'fhonn a chinntiú go soláthraimid táirge den scoth dár gcustaiméir, tá Foireann Cháilíocht Seirbhíse lonnaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Déanann an fhoireann seo iniúchadh ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ar bhonn leanúnach in aghaidh spriocanna cáilíocht seirbhíse CAR agus tomhais eile. Foilsíonn CAR feidhmíocht cháilíochta sna aerfoirt uair sa ráithe agus má bhíonn aon tomhas faoi bhonn na sprice, gearrtar pionós airgeadais ar an aerfort.

Le cois na tomhais cháilíocht seirbhíse a mhonatóiriú, déanann CAR freisin amanna scuaine scagadh slándála ag Baile Átha Cliath a mhonatóiriú. Má bhíonn an t-am scuaine níos faide ná 30 nóiméad, gearrfaidh CAR fíneáil ar an aerfort

Tá aitheantas faighte ag an dá aerfort as a seirbhís do chustaiméirí. Gearrliostaíodh Aerfort Chorcaí le déanaí i gcomhair Ghradam Scoth Aerfoirt na hEorpa 2015 ACI d'aerfoirt faoi bhonn 5 mhilliún paisinéir sa bhliain, as feabhas na seirbhísí do chustaiméirí aerfoirt. Go déanach in 2013, ghnóthaigh Aerfort Chorcaí an rangú is airde maidir le sásamh foriomlán custaiméirí as measc 61 aerfort réigiúnach ar fud na cruinne. Déantar an suirbhé seo ar bhonn domhanda thar ceann Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (Airports Council International, ACI).

I Meitheamh 2015, rinneadh staidéar ina bhfuarthas amach gur ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhí an tairiscint Wifi aerfoirt is fearr san Eoraip. Bhí an luas is tapúla

san Eoraip aige agus an tríú luas is tapúla ar domhan. Mheas an suirbhé 130 aerfort in 53 tír. Bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath freisin ar na chéad mhór-aerfoirt san Eoraip a thairg Wifi gan teorainn saor in aisce do chustaiméirí nuair a tugadh isteach é i Meán Fómhair 2012.

Tá sainrannóg Eispéireas Custaiméirí againn in Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhreagraíonn d'aiseolas paisinéirí trí mheáin éagsúla lena n-áirítear glaonna fóin, r-phost agus meáin shóisialta. Lena chois sin, déanaimid breis agus 8,000 suirbhé sa bhliain mar chuid dár gclár Monatóireacht Seirbhísí Custaiméirí agus tá aonad cnaipí sásaimh againn i gcroí-ionaid ar fud an aerfoirt ar a bhfuarthas breis agus 1.2 milliún freagra in 2014.

In 2015, thugamar isteach an Clár Feabhsúcháin Turais Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun bearta ónár n-iomad foinsí eolas paisinéirí a shocrú. Is clár leanúnach feabhsúcháin é seo faoi cheannaireacht foireann trasfheidhme ar a bhfuil baill d'fhoirne Léargais agus Pleanála, Eispéireas Custaiméirí agus Feabhsúcháin Cáilíochta. Is é an cuspóir an chéad áit a ghnóthú inár gcatagóir ACI, maidir le sásamh paisinéirí, faoi 2017. Gnóthaítear é seo trí aiseolas paisinéirí ar gach cuid den turas paisinéara a chumasc chun fócas a thabhairt i leith tionscadal agus tionscnamh le go bhfeabhsófar an t-eispéireas foriomlán paisinéara.

íomhá thíos:
Clár scéil Páisínéirí ag rianú sásamh páisínéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Agus ar na spriocanna corparáideacha againn tá:

na heispéiris is fearr a sholáthar go comhsheasmhach dár gcustaiméirí agus comhpháirtithe – i gcónaí sa 5 uachtarach i gcomparáid lenár bpiaraí.



What our passengers are saying

DATE OF ISSUE: MAY 2015

WHO THEY ARE

PROFILE OF DUBLIN AIRPORT PASSENGERS

Gender

MALE 50% FEMALE 50%

Age

<25: 16% | 25-49: 54% | 50+: 30%

Reasons for Travel

HOLIDAY: 33% | BUSINESS: 21% | OTHER: 46%

Region of Residence

Where they come from: Dublin 47%, Connaught & Ulster 10%, West of Ireland 24%, Munster 11%, Northern Ireland 8%, Europe 10%, North America 10%, Other 10%

HOW PASSENGERS RATE US

CAR TARGETS

The Commission for Aviation Regulation (CAR) set targets to monitor how Dublin Airport performs against a number of service quality measures. These are measured on a quarterly basis. Below are the latest results.

CUSTOMER SATISFACTION INDICATORS

Overall Satisfaction (All) ↑ ✓

Courtesy/helpfulness of Security Staff ↓ ✓

Ease of wayfinding through airport ↓ ✓

Flight information Screens ↓ ✓

Courtesy/helpfulness of Airport Staff ↓ ✓

Internet Access / WiFi ↓ ✓

Cleanliness of Washrooms ↓ ✓

Comfort of Wait/Gate Areas ↓ ✓

Cleanliness of Airport Terminal ↓ ✓

Feeling of Being Safe and Secure ↓ ✓

WHAT PASSENGERS SAID

ARE YOU SATISFIED WITH YOUR EXPERIENCE IN DUBLIN AIRPORT TODAY?

HAPPY ↑ 68%

GRAND ↓ 16%

NOT GREAT ↓ 5%

NOT HAPPY ↑ 11%

TOP AREAS OF CUSTOMER FEEDBACK

- Damaged items at Security
- Security Staff Conduct
- Services delivered by Airlines & Handling Agents
- Food & Beverage Outlets
- Security Queues

MARKET RESEARCH

89% CLEANLINESS
89% of Dublin Airport passengers are very satisfied with the cleanliness of the airport

85% DEPARTURES
85% of Dublin Airport passengers are very satisfied with cleanliness of the departure gates

86% CLEANLINESS
86% of Dublin Airport passengers are very satisfied with security screening

82% DEPARTURES
82% of Dublin Airport passengers are very satisfied with departure gates

77% CLEANLINESS
77% of Dublin Airport passengers are very satisfied with the cleanliness of the toilets/washrooms

Did you know?

Globally, on an average day some nine million people travel on 100,000 flights

TWITTER

- So impressed with the team @DublinAirport this morning. Such a smooth journey through the airport with Stan #autism #autismawareness
- Unbelievable job done in @DublinAirport T1, the new shop @TheLoopDutyFree looks smashing
- Just checked in with @AerLingus @DublinAirport as always the @AerLingus staff make travel so easy.
- I've been in many airports at this stage and @DublinAirport is still the worst for the amount of time it takes bags to come out.
- @DublinAirport if you know how many people are flying in an hour would you not open security to facilitate the numbers?
- @DublinAirport I go through Dublin Airport quite frequently and the self passport control is never open. Why is that?


TOP POSITIVE COMMENTS

- General Compliments / Customer Experience
- Free WiFi
- Services delivered by Airlines & Handling Agents
- Food and Beverage outlets
- The Loop shopping

TOP NEGATIVE COMMENTS

- Services delivered by Airlines & Handling Agents
- Security Experience
- Immigration Experience
- Food and Beverage outlets
- Public Transport


If you would like to share your experience, please contact us via email: customerexperience@daa.ie or twitter: @askDUBairport.



**Cás-Staidéar:
Uasghráduithe Shoilsíú LED
i mBaile Átha Cliath**

Sampla d'fheidhmiú coigilt fuinnimh is ea uasghrádú shoilsíú Bhealach Bordála 1. Cuireadh feistithe LED in áit feistithe mí-éifeachtacha miotail hailíde agus fluaraiseacha agus rinneadh feabhsúcháin ar an gcóras rialaithe soilsithe, sceidil ama agus braiteoirí éighníomhacha infridhearg (passive infrared, PIR) agus leibhéal luca sa áireamh. Sábháiltí foriomlána bliantúla dar suim 630,000 kWh an toradh a bhí air seo le cois laghdú 285 tona de CO2 sa bhliain.





Comhshaol

íomhá thíos:
Bill Daly agus Brian Culloty ag fáil Ghradam Earnáil Phoiblí SEAI ón Aire Alex White, TD.

Bainistíocht Fuinnimh

Le linn 2014, laghdaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath ídiú príomhúil fuinnimh faoi 2.8%. Tá gnóthuithe suntasacha éifeachtúlacht fuinnimh taifeadta ag Aerfort Chorcaí le blianta beaga anuas agus laghdú 4.9% in ídiú príomhúil fuinnimh le linn 2014 aige.

Tá céimeanna móra chun cinn tógtha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i dtreo sábháiltí fuinnimh a sholáthar trí roinnt nuashonruithe agus gníomhaíochtaí. Áirítear leo:

- I Meitheamh 2014, shínigh daa agus Leictreachas Éireann (Electric Ireland, EI) comhaontú fuinnimh chun ár n-ídiú príomhúil fuinnimh a laghdú faoi 20GWh faoi 2017.
- Tá tionscadal méadrú cliste á fheidhmiú ar bhonn céimneach ar fud champas an aerfoirt. Uasghrádófar an Córas Bainistíocht Fuinnimh reatha chun méadrú uathoibríoch, tuairisciú agus billeáil, le cois próifíil ídithe fíora a sholáthar chomh maith le foláirimh a chumasáionn beart láithreach chun éileamh fuinnimh a laghdú.
- I Meitheamh 2014, d'eagraíomar Taispeántas Feasacht Fuinnimh dhá lá i gCríochfort 1 i gcomhthráth le Seachtain Fuinneamh Inbhuanaithe an AE. Bhí sé seo oscailte do bhaill foirne agus don phobal ar aon. Rinneadh gnóthachtáil na Foirne Fuinnimh le tamall anuas a phróifíliú agus tugadh cuireadh do bhaill foirne aiseolas a thabhairt ar a gcuid smaointe le feidhmíocht fuinnimh daa a fheabhsú.

Ag Aerfort Chorcaí, leanaimid den fheidhmiú fuinnimh is fearr agus is féidir ar fud na hoibríochta. In 2014, gnóthaíodh laghdú breise 10% in ídiú fuinnimh. Baineadh feabhsúcháin shuntasacha amach san fheidhmíocht fuinnimh le blianta beaga anuas. Bhain Aerfort Chorcaí amach sábháiltí dar suim 33% in ídiú fuinnimh go dtí seo. Is trí dheiseanna ísealchostais/gan aon chostais a gnóthaíodh an chuid is mó de na sábháiltí seo amhail feachtas ardú feasachta agus rannpháirtíocht foirne trí oiliúint bhainistíochta agus trí rialuithe oibríochtúla.

D'aithin Údarás um Fuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (Sustainable Energy Authority of Ireland, SEAI) iarrachtaí Aerfort Chorcaí sa réimse seo trína Ghradam Earnáil Phoiblí in 2014. Gearrliostaíodh an t-aerfort freisin le haghaidh Gradam Thionscal na hEitlíochta i 2015 i gcatagóir na hInbhuanaitheachta agus Comhshaoil Eitlíochta.



Teastasú Carbóin

Mar chuid de thiomantas leanúnach daa ár n-astuithe CO₂ ó oibríochtaí aerfoirt a laghdú, d'éirigh le haerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí laghduithe suntasacha a bhaint amach ina n-astuithe carbóin agus tá siad páirteach go honnghníomhach i gClár Chomhairle Idirnáisiúnta Aerfoirt na hEorpa-Creidiúnú Carbón Aerfoirt.

Tá aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí á dteastasú fós ag Leibhéal 2 (Laghdú). Tá sé seo bunaithe ar ár loirg coise carbóin ó 2013 a léiríonn laghdú foriomlán beagnach 4,500 tona.

Bainistíocht agus Caomhnú Uisce

Tá foireann ag daa a bhainistíonn gach gné den uisce ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Rinneadh an-chuid oibre ar an ngréasán píobán a bhainistiú agus an tionchar atá againn ar cháilíocht uisce dromchla thart ar thailte an aerfoirt a íoslághdú.

Oibríochtaí Geimhridh: I mí Feabhra 2014, suiteáladh anailíseoir cáilíocht uisce ar líne ar an Cuckoo Stream in Aerfort Bhaile Átha Cliath le freagairt mhear a chinntiú ar aon íslíú cáilíochta san uisce mar gheall ar rith chun srutha ó ghníomhaíochtaí dí-reoite ar an rampa.

Táimid ag fiosrú roghanna i leith chóireáil an rith chun srutha seo a chuirfeadh ar ár gcumas uisce cóireáilte a sceitheadh ar ais sa sruthán in ionad é a chur i dtreo Chóras Cóireála Dramhuise an Údaráis Áitiúil. Cuireadh tús leis an staidéar féidearthachta i Meitheamh 2015.

Sceitheadh a Bhrath: Táimid dírithe ar sceitheadh a aithint agus ar sheanphíobáin a dheisiú agus is sábháiltí an toradh a bhí air seo láithreach le cois feabhsúcháin shuntasacha in éifeachtúlacht uisce in 2014.

Mar gheall ar thionscadal chun Limistéir Méadair Cheantair (District Meter Areas, DMA) a bheartú, is fearr an fócas againn ar leithlisiú seanghréasáin píobán agus ar úsáid i rith na hoíche, rud a chuireann ar ár gcumas patrúin neamhghnácha úsáid uisce a shainaithint agus na hiarrachtaí seo a dhíriú ar na réimsí seo.

Uisce Dromchla: Téann nádúr na gcúrsaí uisce i bhfeidhm ar cháilíocht uisce dromchla laistigh de na suíomhanna aerfoirt. Tá an chuid is mó díobh i dtóchar domhain ar chúiseanna sábháilteachta.


Is é an aidhm againn doirtí ó oibríochtaí aerfoirt a íoslághdú agus gréasán leitheadach idircheapóirí breosla a choinneáil le holaí iarmharacha nó éilleáin eile a ghabháil sula dtéann siad isteach i gcúrsa uisce dromchla.

íomhá thíos:
Taispeántas Feasacht Fuinnimh
a tionóladh i Meitheamh
2014 i gCricfort 1



Tá Creidiúnú Carbón Aerfoirtdeartha go sainiúil d'aerfoirt agus feidhmíonn sé mar chreat coiteann do thomhas, tuairisciú agus laghdú a n-astuithe carbóin agus don fhéidearthacht a bheith neodrach ó thaobh carbóin de. In 2014, tugadh an clár chomh fada le Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Laidineach. Faoi láthair tá 115 aerfort ar fud na cruinne atá teastasaithe faoin gclár seo.






Bainistíocht Laghdú agus Athchúrsáil Fuíollábhair

Bainistíonn oibríochtaí daa ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí na soláthraithe seirbhíse a bhfuil an conradh acu a chinntiú go láimhsítear fuíollábhar mar is cuí ag suíomhanna na gcríochfort agus an champais. I mBaile Átha Cliath in 2014, d'éirigh linn fuíollábhar in aghaidh an phaisinéara a laghdú go dtí 149 gram—an méid is lú riamh. Is feabhsú suntasach é seo ó 220 gram in aghaidh an phaisinéara in 2010—an méid is mó riamh. Gnóthaíodh é seo trí fhócas ar leith ag ár bhfoirne Oibríochtaí agus Críochfort i gcomhar lenár gconraitheoir fuíollábhair. Lena chois sin, mar gheall ar chleachtais oibre níos éifeachtaí, laghdaíodh na huaireanta saothair bainistíocht fuíollábhair faoi 1875 le linn 2014.

Cás-Staidéar: Araidí Dlúthú Gréine:

Le linn 2014, rinneadh triail cúig seachtaine déag ar Araidí Dlúthú Gréine in Eitiltí Isteach Chríochfort 1 in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Rinneadh é seo chun teacht ar channaí bruscair nua seachtracha éifeachtúla agus cost-éifeachtúla le cur in áit na n-araidí atá beagnach caite. Bunaithe ar an triail, seo iad na sochair fhéideartha:

- **Cur chun cinn deighilt fuíollábhair. As na 174 folmhuithe araidí, chuaigh 92 chuig fuíollábhar ginearálta agus 82 chuig athchúrsáil (ráta athchúrsála 47%). Ní raibh aon deighilt i gceist leis na seanaraidí.**
- **Laghdú i líon na mbailithe.**
- **Laghdú i líon na bhfolmhuithe agus in úsáid málaí ó 340 sa lá go dtí 13.**
- **Laghdú i líon na n-araidí ar an suíomh ó 85 go 60.**
- **Eolas beo lorgaireachta ó gach araid, nuair a shroicheann siad 85% lán cuirtear in iúl do na glantóirí.**
- **Tá costas oibríochta laethúil in aghaidh na haraide in aghaidh an lae níos lú ná leath de chostas na n-araidí reatha.**



Cás-Staidéar: Seirbhís Bhainistithe Phrintála

In 2014, feidhmíodh seirbhís bhainistithe phrintála ar bhonn céimneach in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Baineadh ar shiúl na seanphrintéirí a bhí in úsáid sna hoifigí ar fud an champais agus cuireadh níos lú printéirí nua ina n-áit. Comhlacht sheachtrach a léasaíonn agus a bhainistíonn iad. Tá na printéirí socraithe le priontáil ar an dá thaobh agus dubh agus bán mar réamhshocrú agus baineann gach mír phrintála le duine seachas le printéir.

Le cois na sochar slándála agus ama, táthar ag díriú ar shochair thimpeallachta freisin. Is iad spriocanna na chéad bhliana:

- **Laghdú 20% in ídiú cumhachta a bhaineann le printéirí (is féidir anois ídiú cumhachta a mhonatóiriú go beacht)**
- **Laghdú beagnach 25% in ídiú tonóra**
- **Laghdú 20% in úsáid páipéar priontála (breis agus milliún leathanach páipéar)**

Tá feidhmiú céimneach na seirbhíse bainistithe priontála le bheith comhlánaithe in 2015 agus an chuid is mó di ar siúl faoi dheireadh 2014. Go dtí seo, fuarthas réidh le 249 printéir agus suiteáladh 130 printéir nua. Is laghdú go dtí 119 é sin ar líon na bprintéirí ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Dearadh agus Tógáil

Ar aon dul lenár dtiomantais sa Pholasáí Inbhuanaitheachta, tá daa ag déanamh iarrachtaí leanúnacha i dtreo dearadh agus tógáil foirgnimh agus infreastruchtúr sibhialta atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus treoir deachleachtais san áireamh maidir le dearadh agus oibríocht gach saoráid agus feidhm in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus, nuair is cuí, ag a gcuid tionóntaí.

Cás-Staidéar: Iar-Cheannáras Aer Lingus

Bhog Aer Lingus chuig Ceannáras nua ar champas Aerfort Bhaile Átha Cliath go déanach in 2013 agus fágadh an seanfhoirgneamh folamh. Cuireadh tús le hathchóiriú iomlán ar an sean-cheannáras i mí an Mhárta 2015 agus d'aithm againn Teastasú LEED a ghnóthú.

Is caighdeán aitheanta chun inbhuanaitheacht tógála a thomhas é Teastasú Ceannaireacht i nDearadh Fuinnimh agus Timpeallachta (Leadership in Energy and Environmental Design, LEED). Tá leibhéal an teastasaithe bunaithe ar an líon pointí a ghnóthaíonn an foirgneamh. Bronntar na pointí as roghnú suímh, éifeachtúlacht uisce, ábhair agus acmhainní a úsáidtear, éifeachtúlacht fuinnimh, cáilíocht timpeallachta faoi dhíon, nuáil agus dearadh agus tosaíocht réigiúnach.


Tá sé beartaithe ag daa an tionscadal a chlárú faoi LEED CS Leagan 2009, atá infheidhme i leith Forbairtí Creatlach agus Croí. Is é sprioc an tionscadail seo Gradam Óir ar a laghad (60–79 pointe as 100) bunaithe ar an measúnú tosaigh ar na dálaí reatha.



Cás-Staidéar: Síneadh Napruín 5G

Is é atá i gceist leis an tionscadal seo 70,000m² de chosán nua a thógáil chun aerárthaí nua a pháirceáil agus feabhsú na slite innealta. Áirítear sna bearta inbhuanaitheachta a úsáideadh sa dearadh, úsáid suimint CEM II a bhfuil lorg coise carbóin níos ísle aici ná suimint CEM I thraidisiúnta. Is é is toradh dó seo tuairim ar 6,200 tona CO₂ á sábháil (bunaithe ar CO₂ in aghaidh an tona d'áirimh suiminte i leith 2015 i dTáscairí Mapa Bóithre Suiminte).

Tá thart ar 60,000 tona d'asfalt agus de phábháil coinchréite athchúrsáilte á gcur isteach sna hoibreacha freisin. Áirítear leis an tionscadal 1.7km de phíobáin draenála PVC a monaraíodh ó phlaistigh athchúrsáilte agus a bhfuil luach CO₂ trian de luach píobáin choinchréite choibhéiseacha acu. Áirítear feistithe LED leis an soilsíú nua aerpháirce agus an soilsíú crann ard napruín.




Iompar Dromchla

Oibríonn daa go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Contae Fhine Gall agus an Roinn Iompair ar gach gné den inbhuanaitheacht taistil agus iompair. Áirítear leis na tionscnaimh a feidhmíodh:

- **Scéim Tax saver Busanna:** Tugadh an Scéim Tax saver Comaitéirí isteach i mí na Nollag 2007 do gach fostaí de chuid daa. Féadann baill foirne suas le 52% den chostas taistil chuig agus ón aerfort ar bhus a shábháil. Cheannaigh 65 duine Ticéad Bus tríd an scéim in 2014, €32,000 an costas a bhí ar na ticéid, i gcomparáid le 26 duine in 2013 agus €20,000 an costas ar na ticéid.
- **Rothaíocht chun na hOibre:** Tá breis agus 6km de lánaí rothaíochta agus 200 spás páirceála rothair curtha ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath do bhaill foirne agus don phobal i gcoitinne. Cuireann an Scéim Rothaíocht chun na hOibre ar chumas baill foirne laghdú suas le 52% a fháil ar phraghas rothair ar féidir leo a úsáid le taisteal chuig agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá luach beagnach €500,000 de rothair ceannaithe ag fostaithe de chuid daa faon scéim seo ó cuireadh tús léi.

Déanann an comhlacht taighde margaidh Red C suirbhé bliantúil ar iompar foirne thar ceann Aerfort Bhaile Átha Cliath. Léiríodh sna torthaí go raibh laghdú aon faoin gcéad i líon na mball foirne a úsáideann carr mar a bpríomhmhodh taistil i gcomparáid le 2013. Is é 74% an sciar reatha d'úsáideoirí carranna (ag tiomáint nó mar phaisinéirí). Bhí méadú sa líon daoine a roghnaíonn an bus i gcomparáid le 2013. Bhí treochtaí a bhí cosúil le hiompar foirne sa suirbhé bliantúil d'iompar paisinéirí agus laghdú beag ar úsáid carr príobháideach (timpeall leath de phointe céatadán), agus méadú dó faoin gcéad in úsáid busanna.





Monatóireacht Torann Ruthag Eitilte Aerárthaigh

Tá rialacha dochta ag baint le gach gné de ghluaiseachtaí aerárthaigh san aer agus ar talamh. Tá Údarás Eitlíochta Éireann (Irish Aviation Authority, IAA) freagrach as gach gné de ghluaiseachtaí eitilte agus as a chinntiú go ngnóthaítear na leibhéil is airde sábháilteachta ag aerfoirt na hÉireann agus oibríonn daa i ndlúthpháirt leosan agus leis na haerlínte le feacht a ardú i rith ama ar ghnáthaimh laghdú torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis na Gnáthaimh Laghdú Torainn úsáid éigeantach Slite Roghnacha Torainn, ar aidhm dóibh torann os cionn limistéir chónaitheacha a foslághdú nuair is féidir. Tá gnáthaimh oibríochta ann maidir le húsáid an rúidbhealaigh gaoth trasna agus tástáil innill ar an talamh.

Trínár rannóg Monatóireacht Torann Ruthag Eitilte, cuirtear eolas ar fáil ar gach ceist ruthag agus torann eitilte aerárthaigh don phobal áitiúil chomh maith le láimhseáil gearáin faoi thorann aerárthaigh ón bpobal. Bainistítear é seo trí chóras casta ríomhaireachta ar féidir leis gach gluaiseacht aerárthaigh a rianú agus gach aerárthach atá ag eitilt ‘ar’ nó ‘as’ na rúthaigh eitilte.

Leanfaimid de mheasúnú a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun ár gcórais agus gnáthaimh a úsáid chun a chinntiú go n-foslághdófar nó go seachnófar torann sa phobal nuair is féidir. Seo a leanas cuid de na staitisticí a bhaineann le torann in 2014:

- **D’eitil beagán os cionn 99% de gach aerárthach chatagóir C/D (bunús gach scairdeitleáin) ar ruthag in 2014, figiúr atá ag feabhsú de réir mar a thugtar aerárthaí níos nua-aoisí isteach sna haerloingis. Bhí líon na ngearán faoi thorann ón bpobal níos lú ná blianta eile ag 147 san iomlán.**
- **Thit líon na ndaoine a bhí ag gearán faoi 44% ó 116 in 2013 go dtí 65 in 2014.**
- **Ba é líon na ngearán a rinneadh in 2014 an líon is lú ó tugadh isteach an córas rianaithe torainn in 2005.**

Caighdeán an Aeir

Dála bhunús gach gníomhaíocht taistil agus tráchtála, féadann oibríochtaí aerfoirt agus na gníomhaíochtaí a ghabhann leo astuithe cáithníní sa timpeallacht a chruthú. Ag daa, táimid tiomanta dár gcuid astuithe díreacha a laghdú, do dhaoine eile a spreagadh chun amhlaidh a dhéanamh agus do mhonatóireacht chaighdeán an aeir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Corcaí.

Déanann daa a mhonatóireacht aer comhthimpeallach féin ag an dá aerfort. Ní hionann méid na monatóireachta ag gach suíomh. I mBaile Átha Cliath, tá stáisiún monatóireachta chaighdeán an aeir ar an suíomh. Is féidir leis an trealamh seo réimse leathan de pharaiméadar a thomhas ar bhonn leanúnach.

Déanaimid monatóireacht freisin sa phobal mórtimpeall an aerfoirt. Tá na torthaí ón monatóireacht ag leanúint de léiriú go bhfuil an tiúchan chomhthimpeallach laistigh go maith de chaighdeán ábhartha an aeir. Tá tuilleadh eolais ar chaighdeán bliantúil an aeir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag féach an nasc thíos le do thoil →. I gCorcaigh, is le suíomh an aerfoirt amháin a bhaineann an mhonatóireacht aeir a dhéantar. Léiríonn torthaí na monatóireachta aeir ag an dá aerfort go bhfuil caighdeán an aeir go maith agus tiúchan na bpríomh-pharaiméadar iompair faoi bhonn na gcaighdeán aeir ábhartha náisiúnta.

→ http://www.dublinairport.com/gns/about-us/sustainability/Air_Quality.aspx


Scéim na Gaeilge

Seoladh scéim theanga an chomhlachta i Lúnasa 2013. Is é an aidhm atá léi, trí réimse de bhearta, leibhéal feabhsaithe eolais agus seirbhíse a chur ar fáil i nGaeilge do chustaiméirí agus do bhaill foirne. D’fhreastail baill foirne as Baile Átha Cliath agus as Corcaigh ar chlár oiliúna Gaeilge go déanach in 2013 agus go luath in 2014 agus tá clár oiliúna ar líne á fhorbairt lena fheidhmiú ar bhonn céimneach in 2015.

Chaith roinnt baill foirne Fáinní na Gaeilge, a léiríonn a leibhéal cumais sa teanga, agus iad i mbun a gcuid oibre. Tá na seantaí caighdeánacha r-phoist dátheangach agus tá lámhleabhair foirne (Seirbhísí Aerfoirt agus ASC daa) ar fáil go dátheangach trí inlín an chomhlachta–iConnect.


Le linn Seachtain na Gaeilge (Márta 1ú go 17ú), chuir daa roinnt gníomhaíochtaí spraoi ar fáil sna críochfoirt paisinéirí le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn do chustaiméirí agus do bhaill foirne.

Leis an Scéim Teanga iomlán a fheiceáil, téigh chuig www.daa.ie



Topaic	Aerfort	Feidhmíocht		
		2012	2013	2014
Paisinéirí (milliúin)	Dublin	19.1	20.17	21.7
	Cork	2.34	2.26	2.1
Gluaiseachtaí Aerárthaigh	Dublin	156,582	163,703	174,961
	Cork	21,784	20,800	20,005
Fuinneamh Príomhúil	Dublin	168.3	163.4	158.8
	Cork	24.9	24.4	23.2
Glaniomlán Carbóin (Tonaí CO2)	Dublin	34,698	31,948	27,715
	Cork	5,065	4,678	3,762
Glaniomlán Uisce (m3)	Dublin	454,769	417,672	286,269
	Cork	58,644	54,783	52,110
Fuíollábhar (gram per Pax)	Dublin	181	159	149
	Cork	105	97	102
Cáilíocht an Aeir (Meán ar an suíomh Uimh.2)	Dublin	19.3	18.7	18.4
	Cork	13.2	11.9	11.4
Torann (lomlán gearán)	Dublin	193	694 ⁽¹⁾	147

Notes: (1). Is ó ghearánaí amháin a tháinig líon mór gearán in 2013



Teagmháil Linn

Tá súil againn go bhfuil an t-athbhreithniú seo ar 2014 go faisnéiseach agus go dtugaimid léargas ar an gcur chuige foirne atá ag daa maidir lenár gclár oibre Inbhuanaitheachta a thabhairt chun cinn. Cuireann sé seo ar ár gcumas cur chuige a bheith againn atá freagrach go sóisialta agus neamhdhíobhálach don timpeallacht.

Is mian linn daoine idirghníomhú leis an gcomhlacht trínár n-iomad meán shóisialta maidir leis an Inbhuanaitheacht agus le ceisteanna a bhaineann léi.

Is féidir do chuid smaointe a chur ar ghaidh chuig: sustainability@daa.ie